1. Ráiteas misin agus fise ar fud na scéime a fhorbairt ag díriú ar an bhfolláine	1. Plean Folláine Scoileanna ar fud BOOCM a fhorbairt 2. Leathnú den soláthar curaclaim do Chorpoideachas chun clár corpoideachais timthriall sinsearach a áireamh	1. Tá grúpa folláine idirghníomhaireachta ag BOOCM a dhéanann iniúchadh ar chur chuige comhsheasmhach maidir le saincheistean a bhaineann le folláine i scoileanna BOOCM 2. Tá scoil amháin chun triail a bhaint as Corpoideachas mar ábhar Ardteistiméireachta agus tá gearrchúrsa corpoideachais tugtha isteach ag scoileanna eile. 3. Pleanáil i bhfeidhm chun uaireanta folláine a leathnú go 400 ag an tSraith Shóisearach (Nóta: atreoraíodh an phleanáil chuig freagairt phaindéimeach Covid-19 in 2020)
2.Tosaíocht a thabhairt do thacaíocht do shláinte fhisiciúil agus mheabhrach araon	1. Rannpháirtíocht i dtionscnaimh chun cosc ar mhí-úsáid drugaí agus alcóil a chur chun cinn. 2. Treoir a sholáthar do scoileanna ag an nGrúpa Oibre Folláine.	1. Comhoibriú idirghníomhaireachta ar Covid 19, Drugaí agus Alcól agus féinmharú a chosc 2. Páirt a ghlacadh i bhfreagairt áitiúil ar shlabhra féinmharuithe i limistéar geografach. 3. Ullmhúchán chun “Planet Youth” a thabhairt isteach faoi BOOCM mar phríomhpháirtí. Tabharfaidh sé seo aghaidh ar shaincheist shóisialta, agus go háirithe mí-úsáid drugaí agus alcóil. 4. Bhunaigh grúpa oibre folláine comhairle do Phríomhoidí agus do scoileanna maidir le fáilte a chur roimh dhaltaí ar ais ar scoil tar éis tréimhsí foghlama ar líne. 5. Tacaíocht agus comhairle tugtha chun tacú le daltaí leochaileacha sa bhaile 6. Bhain dhá scoil leas as clár samhraidh d’fhoghlaimeoirí leochaileacha

		7. Leanúint den soláthar béilí do dhaltáí le linn tréimhsí dúnta scoile.
3. Seirbhísí tréadchúraim a mheas ar fud na scéime	1. Go gcuirtear cleachtais fhoirmiúla in aithne do gach scoil maidir le Cleachtas Aisiríoch.	1. An Grúpa um Fholláine i gceannas ar Stiúrthóir na Scoileanna. Scaipeadh na torthaí ar gach scoil. 2. Fuair mhúinteoirí ó scoileanna BOOCM oiliúint ar Chleachtas Aisiríoch atá á chur i bhfeidhm anois i scoileanna ar bhonn céimnithe.
4. Beidh clár cuimsitheach FGL ar fáil do gach ball foirne agus mac léinn a dhíríonn ar fhaisnéis mhothúchánach, frithbhulaíocht agus athléimneacht	1. Deiseanna oiriúnaithe FGL a sholáthar faoi threoir an Ghrúpa Oibre Folláine.	1. Cleachtais Aisiríoch FGL do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile. 2. An cleachtas a roinnt idir scoileanna agus ceannairí scoile ar straitéisí éifeachtacha chun cabhrú le mic léinn agus iad ag déileáil le paidéim, 3. Pleanáil dhian agus seachadadh croítheachtaireachtaí do mhúinteoirí agus do mhic léinn a bhaineann le comhlíonadh phlean Covid 19 um Fhilleadh ar Scoil. 4. Comhar idirghníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh lasmuigh de thimpeallacht na scoile.



Paddy Flood

Stiúrthóir na Scoileanna

6.2 SEIRBHÍSÍ & OILIÚINT BREISOIDEACHAIS

Cuireann Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (BO) BOOCM raon leathan clár lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil ar fud an Chabháin agus Mhuineacháin, ag tairiscint deiseanna foghlama luachmhara dóibh siúd atá os cionn 16 bliana d'aois. Is de chineál gairme iad na cláir den chuid is mó, m.sh. cúram leanaí, cúram sláinte, TFC, innealtóireacht, lena dtugtar bealaí soiléire isteach san fhostaíocht. Mar an gcéanna, tá roinnt deiseanna dul chun cinn ó chlár BO go hArdoideachas (m.sh. cláir Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta).

Tá BO BOOCM comhdhéanta de 5 sheirbhís ar leith:

- i. **Dhá Choláiste Iar-Ardteistiméireachta** - Institiúid an Chabháin & Institiúid Mhuineacháin - ag seachadadh cláir scileanna gairme lánaimseartha ag Leibhéil 5 & 6 agus ranganna oíche
- ii. **Seirbhísí Oideachais Aosaigh** - cláir scileanna bunúsacha agus gairme agus cláir caitheamh aimsire a sheachadadh ag leibhéil 1-6
- iii. **Seirbhísí Oiliúna** - áirítear leis seo an tSeirbhís Phrintíseachta, Cláir Oiliúna Scileanna Sonracha, Cúrsaí Oiliúna, Soláthar Tráthnóna, Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla & Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe
- iv. **Ógtheagmháil** - 6 Ionad Ógtheagmhála a sholáthraíonn raon leathan clár deimhnithe do luathfhágálaithe scoile
- v. **Oideachas Príosúin** ag Príosún Oscailte Theach an Locháin




Fíor 7 Printísigh OEM 2020

Cuireadh isteach go mór ar sholáthar BOO cosúil le gach gníomhaíocht eile in 2020. Dúnadh lonaid agus Seirbhísí ar feadh cuid mhór den bhliain agus b'éigean modhanna malartacha soláthair a fhorbairt. Cé go raibh sé seo an-dúshlánach do chách agus míbhuntáisteach do

go leor dár bhfoghlaimoirí, áfach, bhí roinnt torthaí dearfacha ann a leanfaidh níos faide ná COVID, lena n-áirítear:

- Dul chun cinn ar scála mór in úsáid na Foghlama Feabhsaithe Teicneolaíochta i ngach Soláthar BOO
- Uasoiliúint shuntasach ar an bhfoireann go léir i scileanna TFC agus TEL
- Modhanna nua seachadta agus cineálacha malartacha measúnaithe a fhorbairt
- Úsáid a bhaint as raon meán do na seirbhísí go léir, m.sh. cainéal You tube a chruthú le haghaidh oideachas pobail, coinní Comhairleoireachta Treorach ar líne, srl.
- Seachadadh leanúnach ar raon leathan clár ag gach Leibhéal
- Dul chun cinn suntasach i bhforbairt polasaí foghlama cumaiscthe
- Dul chun cinn maidir le húsáid na teicneolaíochta mar bhealach chun Guth an Fhoghlaimora a ghabháil agus freagairt dó
- Forbairt agus oibriú Ciste Cúnaimh Leanaigh agus Scéim Iasachta Feistí TFC

Cé gur chuir COVID isteach ar líon na bhfoghlaimoirí gan amhras, chuir sé feabhas ar nuálaíocht, ar sholúbthacht agus ar smaointeoireacht chruthaitheach i measc Seirbhísí BOO. Rachaidh sé chun leasa dúinn agus muid ag obair i dtreo athoscailt níos leithne agus filleadh ar an láithreán agus atógáil ár seirbhís agus líon na bhfoghlaimoirí in 2021 agus ina dhiaidh sin.



Fíor 8 Ag foghlaim sa Domhan Fíorúil

In 2020 leanadh le cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise BO. Tá an straitéis seo ailínithe le Straitéis náisiúnta SOLAS BO agus léiríonn sí a spriocanna agus a haidhmeanna. Tá an dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na ngníomhartha leagtha amach sa tábla thíos.



Fíor 9 Seoladh Ionad Barr-Fheabhais BO

Seirbhísí Óige

Ba bhliain í 2020 a tháinig Seirbhísí Óige chun tosaigh maidir leis an bhfreagra ar an bPaindéim Covid-19. Táimid an-bhródúil as na hEagraíochtaí Óige arna maoiniú tríd an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a bhí i gceannas ar an mbealach digiteach lena chinntiú go bhfanfadh seirbhísí do dhaoine óga ar fáil. Chuaigh a gcuid seirbhísí ó sholáthar seachtaine 5 lá go 7 lá sa tseachtain, 24 uair sa lá agus bhí siad ríthábhachtach maidir le tacaíocht a raibh géarghá léi agus comharthaíocht a sholáthar do sheirbhísí do gach duine óg.

Measadh go raibh oibrithe óige mar oibrithe riachtanacha faoi shrianta Covid-19 agus chiallaigh sé seo go bhféadfaí freagraí agus tionscnaimh duine le duine a úsáid nuair is gá ó am go ham.

Mhéadaigh an DCEDIY leibhéal an Mhaoinithe Oibre don Aos Óg do gach BOO in 2020 agus thacaigh tionscnaimh nua mar dheontais aonuaire agus capita Covid, mar aon le deontais TFC, le Seirbhísí Óige chun méadú a chur ar acmhainn dhigiteach agus sroichte na dtionscadal faoi stiúir foirne agus grúpaí óige faoi stiúir oibrithe deonacha chun a chinntiú go bhféadfaidís leanúint ag tacú le daoine óga trína gcuid clár a sholáthar.

Lean riarachán Mhaoiniú Sláintiúil na hÉireann thar ceann ár gcomhghleacaithe CYPSC sa Chabhán agus i Muineachán agus thacaigh sé le heagraíochtaí óige agus pobail freagra a thabhairt ar phaindéim Covid-19 trí thionscnaimh éagsúla.

Tugadh tacaíocht d'eagraíochtaí seachtracha pobail agus óige, ag an dara cuid den bhliain, chun maoiniú a fháil agus a úsáid faoin Scéim Maolaithe Oideachais agus Míbhuntáiste. Chuir an obair le BOOCM cuid mhór den phota náisiúnta a fháil agus thacaigh sé le caidrimh

ghairmiúla nua a fhoirmiú agus chuir sé maoiniú ar fáil freisin do theicneolaíochtaí digiteacha, tacaíocht d'fhoghlaimoirí agus bearta Covid do na daoine is leochailí agus is faide i gcéin ón oideachas.

Ina theannta sin, rinneadh taighde in 2020 chun tacú le Clár Foghlama Malartach a fhorbairt don Chabhán agus do Mhuineacháin, arna mhaoiniú faoi Sheirbhísí Óige. Tá BOOCM i gcomhar le Foróige, ag obair go dlúth anois leis na hOifigí Oideachais agus Leasa sa dá chontae chun freagra oibre óige a sholáthar do dhaoine óga a d'fhéadfadh a bheith i mbaol an scoil a fhágáil roimh an aois dlí náisiúnta.



Fíor 10 Seoladh an Chláir UBU

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Tanagh

Líon na gCuaríteoirí

D'óstáil Tanagh **4,770** Cuairteoir ar Chláir agus Seirbhísí Allamuigh in 2020 (laghdú suntasach ó 16,921 in 2019).

Tionchair ar an nGeilleagar Áitiúil mar thoradh ar Dhianghlasáil Covid

Bhí tionchar suntasach ag an titim shuntasach i gcuairteoirí ar an Ionad ní amháin ar an Ionad ach ar an ngeilleagar áitiúil in 2020 i bhfoirm fostaíochta foirne áitiúla a theastaíonn chun a chlár agus a sheirbhísí a sheachadadh agus earraí agus seirbhísí a theastaíonn de ghnáth ag an Ionad chun freastal ar riachtanais na gcuairteoirí sin i bhfoirm tionscail iompair, breosla, lónadóireachta agus glantacháin.

QQI Leibhéal 5 Oiliúint do Theagascóirí Allamuigh

Tugadh síneadh don oiliúint chun ligean d'Oiliúnaithe an Oiliúint do Theagascóirí Allamuigh a chur i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020, cuireadh moill air mar gheall ar shrianta Covid-19 agus cláraíodh grúpa de 9 Oiliúnaí nua agus chuir siad tús leis an Oiliúint 45 seachtaine i mí Dheireadh Fómhair 2020.

D'éirigh le 23 foghlaimoir ón gclár Rochtana PLC sa Chabhán agus i Muineachán Clár Áineasa Allamuigh 10 seachtaine a chríochnú ag deireadh 2020.

Líonra Seirbhísí Oideachais Allamuigh BOOÉ

Mar thoradh ar an Athbhreithniú Earnála ar Oideachas Allamuigh a foilsíodh ag tús 2020, forbraíodh Creat Straitéiseach don Earnáil 2021 - 2023 agus cuireadh faoi bhráid DoE agus geallsealbhóirí eile é lena n-áirítear SOLAS trí BOOÉ, d'fhoill an Oideachas Allamuigh agus Oiliúint ag teacht faoi bhratach Sheirbhísí BOO.

Forbairtí Cothabhála agus Foirgníochta

Críochnaíodh Athchóiriú an Ionaid a tosaíodh i mí na Nollag 2019 chun athnuachan Doirse Dóiteáin ar fud an Ionaid agus uasghrádú ar Chórais Inmheánacha Cosanta Dóiteáin.

Scartáladh agus baineadh an struchtúr a bhí fágtha den Scoil agus den Eaglais tréigthe ar an láithreán ag an Ionad, ag déanamh áite do shaoráid nua halla Spóirt ar thailte an Ionaid.

Rochtain Leathanbhanda

Cuireadh oibreacha i gcrích in 2020 ag an ionad a ceadaíodh a bheith ar cheann de mhoil 12-digi i gContae Mhuineacháin, ag ligean do luas leathanbhanda suas le 80mbps ag trí shuíomh laistigh den Ionad.

Sláinte agus Sábháilteacht


Rinne an HSA agus BOOÉ athbhreithniú agus nuashonrú ar an Ráiteas Sábháilteachta Lárionaid de réir Measúnuithe Riosca a d'fhorbair an Earnáil Oideachais don Earnáil Oideachais.

Córas Airgeadais agus Stoic

D'aistrigh an tIonad a gcórais airgeadais go léir chuig Ceannach le hÍoc mar aon leis an gcuid eile de Scoileanna agus Ionaid BOOCM. D'aistrigh an tIonad an stoc go léir chuig córas nua stoic ar líne mar aon leis an gcuid eile de Scoileanna agus Ionaid BOOCM

Íocaíochtaí Suíomh Gréasáin agus Ar Líne

Sheol an tIonad suíomh gréasáin nua dá chlár agus dá sheirbhísí le saoráid áirithe agus íocaíochta ar líne.



Fíor 11 QQI Leibhéal 5 Oiliúint Oideachais Allamuigh

Tuairisc ar sheachadadh Spriocanna Straitéiseacha 2020

Sprioc Straitéiseach 1: Seasamh Breisoideachais agus Oiliúna a Ardú

Aidhm	KPI	Gníomhartha a rinneadh in 2020
Aitheantas a thabhairt do BO mar chonair foghlama luachmhar	- Feasacht mhéadaithe ar sheirbhísí agus ar sholáthar BO - Tuiscint agus aitheantas níos fearr ar BO agus a luach mar bhealach chun dul ar aghaidh chuig AO agus/nó fostaíocht - Líon méadaithe ag clárú ar Chláir BO	- Raon leanúnach agus leathan de chur chun cinn BO ag baint úsáide as raon meán, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin, agallaimh, na meáin shóisialta, podchraoltaí, srl - Cur chun cinn spriocdhírithé sonracha maidir le tacaíochtaí dóibh siúd is mó atá buailte ag COVID - Rannpháirtíocht BO BOOCM i scéalta / imeachtaí náisiúnta - m.sh. seachtain Feasachta an Choláiste, Seachtain na hEolaíochta, Seachtain d'Fhoghlaiméoirí Fásta, Seachtain Feasachta Litearthachta, seachtain ardú céime BO de chuid SOLAS - Forbairt leanúnach ar chláir BO i Scoileanna, atá dírithe ar dheis a thabhairt do mhic léinn na sraithe sinsearaí cláir phrintíseachta & oiliúna a shampláil

Sprioc Straitéiseach 2: Scileanna don Gheilleagar

Aidhm	KPI	Gníomhartha a rinneadh in 2020
Aghaidh a thabhairt ar riachtanais foghlaiméoirí, cuardaitheoirí poist, fostóirí agus fostaithe faoi láthair agus amach anseo agus cur le forbairt eacnamaíoch náisiúnta	- Raon leathan soláthair - Líon méadaithe foghlaiméoirí - Naisc níos mó le fostóirí - Raon méadaithe deimhniúcháin á thairiscint - Torthaí dearfacha d'fhoghlaiméoirí, i.e. i bhfostaíocht / AO	- Bhog na Seirbhísí BO go léir chuig seachadadh ar líne agus foghlaim chumaisc - Cruthaíodh agus cuireadh roghanna measúnaithe malartacha i bhfeidhm a chuir ar chumas thromlach na bhfoghlaiméoirí a gcláir a chríochnú de réir na bliana acadúla - De réir srianta, athosclaíodh lonaid go páirteach chun measúnú / rannpháirtíocht foghlaiméoirí leochaileacha a éascú / seachadadh clár luamháin níos ísle nó praiticiúla - Tairiscint éagsúil ar sholáthar BO chun freastal ar phróifíl athraitheach foghlaiméoirí a

		eascaíonn as COVID, m.sh. cláir ar líne níos giorra dóibh siúd ar íocaíochtaí PUP • Forbairt leanúnach ar naisc fostóra / tionscail agus cláir nua a thabhairt isteach, m.sh. Oiliúint HGV • Maoiniú faighte ó Fhiontraíocht Éireann chun Ionad Barr-Fheabhais don Slabhra Soláthair, Lóistíocht agus Soláthar a fhorbairt • Clár bainistíochta maoirseachta saincheaptha a fhorbairt agus a sheachadadh don tionscal • Cláir shaincheaptha don tionscal fáilteachais a fhorbairt agus a sheachadadh • Forbairt agus soláthar leanúnach ar raon leathan clár BO ar Leibhéil 1-6 • Oiliúint a oibriú in OEM, Teagascóir Gníomhaíochta Allamuigh, Obair don Óige, Cúram Baile, agus Fáilteachas agus teagmháil le fostóirí sna hearnálacha seo • Clárúcháin phrintíseachta a leathnú • Leathnú Scileanna chun Cláir a Chur Chun Cinn i Muineachán agus sa Chabhán. • Raon imeachtaí Fostóirí a réachtáiltear ar fud seirbhísí BO • Seirbhísí teorach agus faisnéise a chuirtear ar fáil trí raon meán chun rannpháirtíocht a chumasú • D'fhorbair agus sheol Bealaí Nua chun Oideachais ag tacú le foghlaimoirí dul isteach san oideachas arís
--	--	---

Sprioc Straitéiseach 3: Pleanáil agus Maoiniú Comhtháite

Aidhm	KPI	Gníomhartha a rinneadh in 2020
A chinntiú go bpleanáiltear agus go gcuirtear soláthar BO BOOCM i bhfeidhm ar bhonn anailís oibiachtúil ar riachtanas agus éileamh	- Líon níos mó daoine ag glacadh le soláthar BO - Rátaí coinneála agus deimhnithe méadaithe - Comhtháthú méadaithe i measc Seirbhísí BO	- Forbairt chun cinn ar Straitéis BOOCM BO 2021-2024 ailínithe le Straitéis Náisiúnta BO Solas - Athbhreithniú leanúnach ar sholáthar foriomlán BOOCM agus sonraí mhargadh an tsaothair chun a chinntiú: - Go soláthraítear cláir a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar thosaíochtaí, mar (i) atá leagtha amach i straitéisí agus i dtuarascálacha ábhartha, agus (ii) arna n-aithint ag an tionscal - Go soláthraítear meascán de scileanna earnála & scileanna trasearnála - Nach gcuireann BOOCM rósholáthar ar an margadh le scileanna nach bhfuil chomh riachtanach sin - Gníomhartha comhairliúcháin agus rannpháirtíochta curtha i bhfeidhm, m.sh. Fóram na bhFoghlaimeoirí, Suirbhé na bhFoghlaimeoirí, Suirbhé Foirne chun riachtanais agus saincheisteanna foghlaimeoirí a fhionnadh agus obair chun aghaidh a thabhairt orthu - Forbairt agus cur i bhfeidhm leanúnach clár tras-seirbhíse, m.sh. oiliúint feasachta litearthachta do theagascóirí, tacaíocht litearthachta do phrintísigh, treoir do ghrúpaí oiliúna ar conradh, Matamaitic Ardteistiméireachta do dhaltai lar-Ardteistiméireachta - Cruinnithe leanúnacha agus idirchaidreamh i measc seirbhísí agus ionaid BO maidir le hoibriú chun an raon soláthair a uasmhéadú agus dúbláil a sheachaint

Sprioc Straitéiseach 4: Cuimsiú Gníomhach

Aidhm	KPI	Gníomhartha a rinneadh in 2020
Go dtacóidh soláthar BO le ionchuimsiú daoine de gach cumas, le tagairt ar	- Raon méadaithe tacaí foghlaimeoirí ar fáil - Rannpháirtíocht mhéadaithe i	Ardleibhéal Tacaíochta agus Oiliúna TF curtha ar fáil do gach foghlaimeoir BO chun tacú lena rannpháirtíocht san fhoghlaim ar líne

leith don litearthacht agus don uimhearthacht	measc foghlaimeoirí atá faoi mhíbhuntáiste / iad siúd is deacra a shroicheadh	• Éagsúlacht na meán agus na ngníomhartha a úsáidtear chun teagmháil a dhéanamh le foghlaimeoirí tar éis dúnadh na n-ionad • Cuireadh ríomhaire glúine ar fáil do 300 foghlaimeoir ar feadh a gclár faoi Scéim lasachta Gléas TFC BOOCM • Ciste Cúnaimh d'Fhoghlaimeoirí a bunaíodh trí airgead a fuarthas faoin gCiste Maolaithe in aghaidh Míbhuntáiste Oideachais (MAEDF). Chuir sé seo tacaíocht airgeadais ar fáil do> 600 foghlaimeoir PLC agus Oiliúna • Leithdháil 20 Tionscadal Pobail maoiniú faoi MAEDF chun tacú le hoideachas agus oiliúint ina gceantar féin • Cuireadh tús leis an dara cohórt den chlár Rochtana PLC i MI & CI i mí Mheán Fómhair 2020. Cuireann an clár seo ar chumas mic léinn Ógtheagmhála agus na hArdteistiméireachta Feidhmí clár éagsúil a dhéanamh ag QQI Leibhéal 4 agus modúil Leibhéal 5 samplach i dtimpeallacht thacúil, a chuirfidh lena ndul chun cinn go clár iomlán ar Leibhéal 5 in 2021 • Cuireadh tús le Clár Athlonnaithe Dídeanaithe sa Chabhán le dian-ranganna ESOL • Raon tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do dhaoine i measc an phobail a bhfuil cumas TFC / Teicniúil is lú acu chun dul i mbun gníomhaíochta ar líne, m.sh. tacú le daoine scothaosta fón / Zoom, srl. a úsáid. • Cur i gcrích den fhorbairt ar threoirlínte dea-chleachtais agus foireann uirlisí chun measúnú tosaigh agus leanúnach a dhéanamh ar inniúlacht Béarla na bhfoghlaimeoirí imirceacha.
---	---	--

Spríoc Straitéiseach 5: Soláthar Cáilíochta

Aidhm	KPI	Gníomhartha a rinneadh in 2020
A chinntiú go gcuireann Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna BOOCM cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeán ar fáil a chomhlíonann caighdeán cháilíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta	- Gnóthachan KPlanna a bhaint amach atá leagtha amach sa Phlean Feabhsúcháin Cáilíochta - Comhtháthú polasaithe agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta - Raon méadaithe deiseanna PL&D don fhoireann - Rannpháirtíocht mhéadaithe i gcláir PL&D - Dul chun cinn tionscadal caipitil	- Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Feabhsúcháin Cáilíochta - Cuireadh tús le hobair i dtreo Athbhreithniú Tionscnaimh QQI - Clár ionductaithe foirne a fhorbairt agus a phiolótú - Forbairt leanúnach ar bheartais agus nósanna imeachta comhtháite BOOCM chun soláthar BO a chomhtháthú tuilleadh ag BOOCM; - Oibriú leanúnach struchtúir Rialachais BO - Seachadadh leanúnach ar Phlean Forbartha Gairmiúla (PD) d'fhoireann BO le béim níos mó ar oiliúint dheimhnithe agus roghanna cumaiscthe agus r-Fhoghlama trí Moodle agus eCollege. - Raon tionscnamh agus ceardlann Folláine arna seachadadh do Fhoireann BO - D'oibrigh Foireann TEL agus Foireann PLC a bhfuil saineolas TEL acu chun uasoiliúint a dhéanamh ar bhaill foirne i raon réimsí mar úsáid Foirne MS don Oideachas, Foirmeacha MS le haghaidh Measúnaithe, OneNote for Education, Sway agus MS Stream. - Reáchtáladh agus taifeadadh seimineáir ghréasáin bheo a don fhoireann agus rinneadh iad a uaslódáil chuig Stream ionas go ndéanfaidh baill foirne athbhreithniú orthu níos déanaí. - Forbairt chun cinn ar an gcóras TEL Champion in oideachas aosach agus Ógtheagmháil - Forbraíodh Clár Tiomnaithe TEL FGL trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ar Ionad Oideachasóirí Microsoft. Thug níos mó ná 100 teagascóir faoin gclár. - Raon deiseanna PLD curtha ar fáil agus leas baint astu - Fuair baill foirne tacaíocht chun tabhairt faoi chláir PD deimhnithe lasmuigh de BOOCM

- An dea-chleachtas agus an plé ar #FutureFET a roinnt ag an gcruinniú FET Meet ar théama 'Coinnigí Nasctha', le níos mó ná 200 duine i láthair.
- Forbairt na bhfoirgneamh agus na saoráidí BO den scoth a chur chun cinn, de réir mar is gá le haghaidh soláthair ardchaighdeán agus na cóiríochta is fearr d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann



An Dr Linda Pinkster
Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

6.3 TACAÍOCHT AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTA

i. Struchtúir agus Seirbhísí Eagrúcháin

Tá BOOCM tiomanta do struchtúr eagrúcháin a chruthú a fheidhmíonn go héifeachtach agus go héifeachtúil i seachadadh a sheirbhísí ar fud chontaetha an Chabháin agus Mhuineacháin.

Cuid lárnach de sholáthar a sheirbhísí tá na hionaid riaracháin, leis an gCeannoifig BOOCM lonnaithe i Muineachán agus an fo-oifig lonnaithe i mbaile an Chabháin.

Seachadtar na feidhmeanna Riaracháin thar roinnt príomhcholuín, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Airgeadas, Talamh agus Foirgnimh, Seirbhísí Corparáideacha, Comhlíonadh, Soláthar, TF agus Riarachán Oiliúna.

Déantar obair na feidhme riaracháin i ndlúthchomhar le Stiúrthóir na Scoileanna agus leis an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna.

Déanann BOOCM athbhreithniú agus monatóireacht rialta ar a struchtúir agus a bhonneagar chun na ceithre aidhm a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach agus a chinntiú go leanann sé ag seachadadh a sheirbhísí chomh héifeachtúil agus chomh héifeachach agus is féidir.

Sprioc 1:
Seachadadh éifeachtach
seirbhíse

Sprioc 2:
Cumarsáid BOOCM a fhorbairt

Sprioc 3:
Leathnóidh BOOCM a chumas
eagraíochtúil a bheith solúbtha
agus réamhghníomhach chun
freagairt do riachtanais áitiúla
agus náisiúnta.

Sprioc 4:
Éifeachtúlachtaí eagraíochtúla a
uasmhéadú

Agus é ag obair ar fud na 4 aidhm, tá sé mar aidhm ag Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta luach méadaithe a sholáthar do Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin trí fheabhas a chur ar bheartais, chórais agus phróisis rannpháirtíochta fhóna agus chomhleanúnacha, a chinntíonn go gcomhlíonann an BOO reachtaíocht, agus go meallann agus go gcoinníonn sé baill foirne a bhfuil ar ardchaighdeán, agus go léiríonn sé sármhaitheas sa rialachas.

2020

Bhí dúshlán eisceachtúil i mbliana le COVID-19 ag dul i bhfeidhm ar gach gné dár saol laethúil agus ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre. Bhí freagra BOOCM ar an bpaindéim inspioráideach agus teist ar na luachanna agus an cultúr ar fud na heagraíochta. Go luath i 2020, chuir BOOCM a phlean teagmhasach / freagartha i bhfeidhm agus bhí siad in ann nósanna imeachta agus prótacail a ghníomhachtú go tapa a bhí ríthábhachtach lena chinntiú go leanfadh seirbhísí ag feidhmiú gan bhriseadh. Chuir ár bhFoireann TF an trealamh agus na córais riachtanacha ar fáil chun freastal ar chianobair agus chun leanúnachas an teagaisc agus na foghlama a chinntiú. Ba mhaith liom tacaíocht agus tiomantas fhoireann riaracháin iomlán BOOCM a admháil, rinneadh tástáil ar a n-inoiriúnaitheacht, de réir mar a d'athraigh cleachtais oibre go praiticiúil thar oíche. Bhí tiomantas agus solúbthacht na foirne lárnach maidir le cur chun feidhme rathúil ár bPlean Leanúnachais Gnó a chinntiú.

Ba bhliain dheacair í 2020, agus d'óstáil an Coiste Sóisialta sraith imeachtaí fíorúla a dhírigh ar shláinte agus ar fholláine. Bhí na himeachtaí seo mar aon le tionscnaimh folláine rialta a sholáthraíonn an Fhoireann Comhlíonta tábhachtach chun tacú leis an bhfoireann agus chun naisc a choinneáil.


Tá struchtúr na heagraíochta ag athrú i gcónaí agus i mbliana tá struchtúr BOOCM tagtha chun cinn trí thacú agus éascú a dhéanamh ar Thionscadail Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte na Roinne Oideachais. Tar éis imirce rathúil an phárolla chuig Seirbhísí Comhroinnte (ESBS) i mí na Samhna 2019, aistríodh fócaíocht Párolla Taistil agus Cothaithe agus párolla liúntais na bPrintíseach agus an Fhoghlaiméora Eile chuig ESBS le linn 2020. Bhí baint ag BOOCM freisin le treoirionscadal chun aistriú chuig córas airgeadais nua le linn Ráithe 4 2020. Ina theannta sin, fuair agus chuir BOOCM Córas Bainistíochta Sócmhainní nua i bhfeidhm i rith 2020.

Cuireadh clár fairsing FGL i bhfeidhm ar gach Foireann Riaracháin lena n-áirítear foireann Riaracháin Scoile nach baill den BOO é. Chlúdaigh na cláir FGL TFC seo raon leathan modúl Microsoft agus seachadadh iad ar líne, ag cabhrú leis an BOO a chuspóir a bhaint amach maidir le hoiliúint.

Chuir BOOCM measúnú ar Shamhail Aibíochta Airgeadais i gcrích in 2020. D'aithin an BOO na hathruithe riachtanacha atá riachtanach don chleachtas reatha d'fhonn an leibhéal aibíochta inmhianaithe a bhaint amach. Forbraíodh Plean Gníomhaíochta, a leagann amach bealach chun rialachas airgeadais agus cleachtais tuairiscithe san BOO a fheabhsú.

Leanann BOOCM ag leathnú agus ag forbairt a sheirbhísí trí sheirbhísí TF agus tionscadail tógála a sholáthar do scoileanna neamh-BOO. In ainneoin na ndúshlán comhcheangailte atá ag Covid 19 agus an Breatimeacht, rinneadh dul chun cinn suntasach i dtreo chlár fairsing tógála BOOCM, lena n-áirítear a chinntiú go gcomhlíonfadh na hathruithe bonneagair riachtanacha Covid 19 na treoirlínte náisiúnta.

Déantar seirbhísí BOOCM a sheachadadh trí struchtúr atá dea-fheidhmithe, sruthlínithe mar atá leagtha amach thíos:



Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin BOOCM agus tá freagracht iomlán air as feidhmíocht scoileanna, clár agus ionaid oiliúna. Tá Stiúrthóirí,

Príomhoidí, Comhordaitheoirí agus Bainisteoirí na n-ionad seo freagrach as a mbainistiú laethúil.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin fós tiomanta d'fheabhsú leanúnach a sheirbhísí i gcomhthéacs Chlár Claochlaith Seirbhísí Poiblí Rialtas na hÉireann agus an chreata beartais a leagtar amach in Ár Seirbhís Phoiblí 2020. D'oibrigh an BOO ar roinnt príomhthéamaí agus tionscnamh le linn 2020 lena n-áirítear:

ii. Comhlíonadh Corparáideach agus Rialachais

Is é an tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 an phríomhreachtaíocht lena rialaítear clár oideachais agus oiliúna. Ba cheart “an Cód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna” Litir Chiorcláin na Roinne Oideachais agus Scileanna 0002/2019, a mheas go príomha mar shraith caighdeán do chomhaltaí agus d'fhoireann an Bhoird, cé gur leagtar amach treoirleá i gcásanna áirithe. Beifear ag súil go gcinnteoidh comhaltaí agus baill foirne go bhfuil na gníomhaíochtaí seo maidir le BOOCM á rialú de réir na gcaighdeán seo i gcónaí, go go litriúil agus go spioradálta.

Cuireadh oiliúint Rialachais agus Comhlíonta don Bhord ar siúl an 15 Nollaig 2020.

I Ráithe 4, tionóladh cruinniú idir an Roinn Oideachais agus Bainistíocht Shinsearach BOOCM chun an Comhaontú Maoirseachta, an Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus an Plean Seirbhíse Bliantúil a athbhreithniú. D'admhaigh an BOO buntáistí na gComhaontuithe, lena n-áirítear an ról i gcuidiú le Príomhtháscairí Feidhmíochta (KPlanna) a shainaithint a chuidigh le forbairt Phlean Seirbhíse, Tuarascáil Bhliantúil an BOO agus a bhí nasctha freisin leis an Ráiteas Straitéise. Dheimhnigh an Roinn leibhéal ard comhlíonta i BOOCM maidir lena oibleagáidí rialachais a chomhlíonadh i dtéarmaí spriocdhátaí reachtúla agus spriocdhátaí eile.

Iniúchadh ar Chomhlíonadh Chód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna

D'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an Cód Cleachtais um Rialachas BOOnna (Ciorclán 0002/2019) i mí Eanáir 2019. Le linn 2019 agus 2020 díriodh ar an gCód a chur i bhfeidhm agus ar an leibhéal comhlíonta a fheabhsú d'fhonn feabhas leanúnach a léiriú, agus comhlacht dearbhaithe a thógáil do BOOCM. I mí an Feabhra 2021, rinne BOOCM athbhreithniú ar an iniúchadh ar chomhlíonadh an Chóid den bhliain roimhe sin, ag baint úsáide as uirlis iniúchta a d'fhorbair Árachas Comhlachtaí Poiblí na hÉireann (IPB). Léirigh an t-athbhreithniú ar an iniúchadh go raibh leibhéal inghlactha comhlíonta againn.

Bainistíocht Riosca

Coinníonn an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé go ndearna sé measúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara, agus rinne sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2020. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Faigheann an Bord cúnamh ina fheidhm bainistíochta riosca ón gCoiste Iniúchta agus Riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (an AI) agus a chuid tuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an ARCC agus ar aon Iniúchadh seachtrach, ar nós iniúchadh an CSE agus/nó

iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha a dhéantar ar bhonn bliantúil.

Is mír bhuan í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear an méid seo a leanas

leis na nithe a bhreithnítear:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (CRO)
- Tuarascálacha an Coiste Iniúchta & Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Thug BOOCM faoi roinnt gníomhaíochtaí in 2020 chun tacú le bainistíocht riosca fiontair agus chun dea-rialachas a léiriú. Ba é an bonn fianaise taca don obair seo a reachtaíocht a bhaineann le BOOCM agus an Cód Cleachtais do Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna (An Roinn Oideachais agus Scileanna, Litir Chiorcláin 0002/2019). Cuireadh i gcrích na haschuir seo a leanas i rith na bliana:

1. Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Riosca um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
2. Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Riosca Breisoideachais agus Oiliúna
3. Athbhreithniú agus nuashonrú ráithiúil ar an gClár Riosca Scoileanna

Díríodh ar na príomhrioscaí a aithint a d'fhéadfadh cosc a chur ar sheachadadh Ráiteas Straitéise BOOCM. Cuireadh na príomhrioscaí seo faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus bhí obair ar bun i gcónaí ar na rioscaí a aithníodh a bhainistiú agus a laghdú agus rinneadh réimsí nua riosca a aithint.

Ina theannta sin, forbraíodh Clár Riosca nua chun na rioscaí a bhaineann leis an bpaindéim Covid-19 a aithint, na rialuithe a theastaíonn chun na rioscaí a bhainistiú a aithint agus chun dul chun cinn ar bhainistíocht riosca a rianú i rith na bliana de réir mar a d'fhorbair an fhreagairt náisiúnta ar an bpaindéim.

Bainistíocht Sábháilteachta a Fhorbairt agus a Chur i bhFeidhm

Bhí baint ag BOOCM le tionscadal, ag obair le sainchonraitheoirí sláinte agus sábháilteachta (Quadra), le tacaíocht ó BOOÉ agus IPB Insurance, ar theimpléad Ráiteas Sábháilteachta saincheaptha a fhorbairt do scoileanna. Tá an obair seo teoraithe ag teaghlaim de Threoirlínte HSA ar Bhainistíocht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa in Iar-Bhunscoileanna agus an obair a rinne Grúpa Stiúrtha Tionscadal an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta. Tharla céim chomhairliúcháin an tionscadail le linn 2019, le BOOÉ ag éascú cruinnithe le ceardchumann eárnála, ionadaithe ó ghrúpa stiúrtha an tionscadail agus foireann an IPB lena chur i bhfeidhm in 2020. Cuirfidh aschuir an tionscadail luach leis an BOOCM uile agus tacóidh sé linn chomh maith chun minicíocht teagmhais agus éilimh fostaithe a laghdú a mbíonn tionchar acu sa deireadh ar dhaoine, BOOCM agus préimheanna árachais.

I Meán Fómhair 2020 d'fhostaigh BOOCM na Comhairleoirí Sláinte agus Sábháilteachta, Quadra, chun cabhrú le rolladh amach an teimpléid Ráiteas Sábháilteachta agus Measúnachta Riosca ar fud na scoileanna agus na n-ionad go léir. Reáchtáladh sraith ceardlann oiliúna agus chuir Quadra tacaíocht ar fáil d'fhoireann i ngach scoil/ionad chun an teimpléad a oiriúnú agus a fhorbairt dá riachtanais aonair.

Saoráil Faisnéise

D'fhoilsigh BOOCM a Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise, de réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Is féidir teacht ar an Scéim Foilseacháin ar www.BOOCM.ie agus tá cóip chrua ar fáil ar iarratas ón bPríomhoifig.

Liostaítear sa Scéim Foilseacháin faisnéis ar sheirbhísí BOOCM, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta mar atá leagtha amach in Ailt 8 (5) agus 11 (3) den Acht. Déantar an scéim a nuashonrú agus cuirtear leis ar bhonn rialta.

I rith 2020, fuair BOOCM seacht (17) n-iarratas déag ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Astu seo, b'ionann sé iarratas déag agus faisnéis neamhphearsanta a rinne iriseoirí, baill an ghrúpa leasa agus baill den phobal. Ba iad na cineálacha faisnéise neamhphearsanta a iarradh ná mionsonraí maidir le costais a íoc le baill an BOO; mionsonraí léasanna; leithdháileadh múinteoirí; soláthar; gníomhú ar son na haeráide; agus faisnéis maidir le comhfhreagras le heagraíochtaí reiligiúnacha agus an cónascadh beartaithe dhá scoil. Foilsítear achoimre ar na hiarratais a fuarthas (Loga Nochta) ar shuíomh gréasáin BOOCM mar chuid den Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise.

Cosaint Sonraí

Cuireadh tús le Rialachán Ginearálta an AE um Chosaint Sonraí (GDPR) an 25 Bealtaine 2018. D'fhorbair grúpa tionscadail, a chuimsíonn ionadaí ó gach ceann den 16 BOO, beartais agus nósanna imeachta a chomhlíonann an GDPR. Rinneadh athbhreithniú ar na beartais agus na nósanna imeachta seo in 2020/21 d'fhoillíodh iad a shíniú agus a chur i bhfeidhm i mBealtaine 2021. I rith 2020 leanadh leis an obair ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí BOOCM a mhapáil agus comhaontuithe próiseála sonraí agus comhroinnt shonraí a fhorbairt le tríú páirtithe. Lean an DPO ag soláthar tacaíochta don fhoireann maidir lena bhfreagrachtaí faoi GDPR. Lean foireann nua BOOCM le clár oiliúna ar líne r-Fhoghlama GDPR BOOÉ don fhoireann a chur i gcrích. Dhírigh na hionaid riaracháin ar íoslaghdu sonraí agus reáchtáladh 'Lá Dí-thranglam' an-rathúil i mí Iúil 2020, i gcomhréir leis an mbeartas um Choinneáil Taifead. Bhí obair ar siúl freisin chun na sonraí a choinnítear ar chomhaid leictreonacha a íoslaghdu.

In 2020, cuireadh deich (10) sárú sonraí in iúl don DPO. Measadh gur baol íseal iad na sárúithe seo do na hábhair sonraí, bhain an chuid is mó acu le hearráid chléireachais a bhí mar chúis le cailteanas rialaithe de shonraí pearsanta. Níor ghá aon cheann acu seo tuairisciú don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Rinneadh na sárúithe seo a bhainistiú laistigh den reachtaíocht GDPR agus cuireadh gníomh ceartaitheach i bhfeidhm.

Cód Caiteachais Phoiblí

Athdhearbhaíonn BOOCM a dtiomantas na riachtanais uile a bhaineann le gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí a chomhlíonadh agus dearbhaíonn siad go bhfuil BOOCM sásta tar éis athbhreithnithe air sin gur chloígh an Bord in 2020 leis na gnéithe ábhartha den Chód.

Oiliúint agus tacaíocht leanúnach don Bhord Oideachais agus Oiliúna agus do Bhoird Bhainistíochta

Le linn 2020 lean foireann riaracháin BOOCM ag soláthar tacaíochta don BOO agus dá gcoistí lena n-áirítear Boird Bhainistíochta. An 15 Nollaig 2020 fuair an Bord oiliúint, arna éascú ag Crowe Consulting. Fuair Boird Bainistíochta oiliúint i dTéarma an Fhómhair / Gheimhridh 2020 le trí sheisiún inar ghlac níos mó ná 100 rannpháirtí páirt trí Microsoft Teams. Leanann an Roinn Seirbhísí Corparáideacha ag tacú leis an mBord agus leis na coistí trí thacaíocht riaracháin a sholáthar do chruinnithe agus tacaíonn sé le Boird Bhainistíochta trí threoir a sholáthar maidir le hullmhú cláir, tógáil nóiméad agus taifeadadh nóiméad.

iii. Soláthar Foirne

Is fostóir suntasach é BOOCM sa réigiún a fhostaíonn thart ar 850 ball foirne lánaimseartha agus 483 ball foirne páirtaimseartha. Le linn 2020, le hathshannadh foirne ar bhonn sealadach agus buan go réimsí riachtanacha criticiúla cinntíodh seachadadh leanúnach na bpríomhsheirbhísí, le linn na paindéime Covid-19. Déanann BOOCM iarracht an fhoireann is fearr atá ar fáil a earcú agus a choinneáil. Tá an chuid is mó d'agallaimh earcaíochta bunaithe ar inniúlacht anois, agus fuair baill an Bhoird Roghnúcháin an oiliúint riachtanach chun agallaimh bunaithe ar inniúlacht a dhéanamh. Tá físeán cur chun cinn le fáil ar shuíomh gréasáin BOOCM ag cur BOOnna chun cinn i gcoitinne. Tá cur chun cinn spriocdhírthe (fógra íochta ar na meáin shóisialta) atá dírithe ar cheantair gheografacha agus déimeagrafaic i bhfeidhm anois chun cabhrú le múinteoirí a earcú, daoine a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an BOO, poist a fhógairt ar shuíomh gréasáin 'etbjobs' agus a chuirtear chun cinn trí bhealaí meán sóisialta BOOCM. Sainaithnítear na tacair scileanna riachtanacha d'fhonn sármhaitheas eagraíochtúil a sholáthar agus chun an acmhainn a fheabhsú chun freastal go leordhóthanach ar dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn.

Cuireadh oiliúint ar fáil i réimsí lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Airgeadas, TF, Soláthar, Bainistíocht Chaipitil agus Rialachas. Tá BOOCM ag iarraidh i gcónaí an úsáid is fearr a bhaint as teicneolaíocht chun caighdeán seirbhíse níos fearr a chinntiú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

Le linn paindéime Covid-19 in 2020, tionóladh gach agallamh ar líne trí Microsoft Teams. Fuair baill an Bhoird Roghnúcháin an oiliúint riachtanach agus soláthraíodh cúnamh iomlán d'agallaithe lena chinntiú go rithfeadh agallaimh go réidh.

D'éirigh le BOOCM párolla do gach ball foirne lánaimseartha agus páirtaimseartha a aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte (ESBS) in 2019. Bhí an t-aistriú réidh agus tá dlúthchumarsáid ann fós idir foireann Riaracháin párolla BOOCM agus ESBS, agus beidh go leor cruinnithe nuashonraithe ar siúl in 2020. Tá dea-chaidreamh oibre curtha ar bun le ESBS a chinnteoidh go mbeidh rath leanúnach air.

iv. TFC

Baineann BOOCM úsáid as teaghlaim de fhreastalaithe comhad ar an láthair agus as Microsoft Office 365 le haghaidh ríomhphoist agus feidhmchlár eile bunaithe ar an ngréasán. Is é an plean fadtéarmach le haghaidh BOOCM ná bogadh ar shiúl ó sheirbhísí ar an láthair agus bogadh i dtreo seirbhíse bunaithe ar an ngréasán ina mbeadh na táirgí go léir ar fáil an ngréasán.

Tá BOOCM tar éis inlíon foirne a thabhairt isteach do gach ball foirne ar fud na scéime. Tá an inlíon seo ag rith ar Microsoft SharePoint atá mar chuid de shraith táirge Microsoft Office 365. Leis an bhfeidhmchlár, ceadaítear don fhoireann comhoibriú agus faisnéis a roinnt go héasca agus rochtain a fháil ar dhoiciméid lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta foirne a stóráiltear go lárnach agus is féidir rochtain a fháil orthu go slán ó áit ar bith ar ilfheistí lena n-áirítear fóin deisce, ríomhaire glúine agus fóin chliste.

Baineann BOOCM úsáid as Microsoft Teams atá ina uirlis chomhoibrithe a chuireann ar chumas na foirne comhoibriú foireann le foireann agus foireann le mac léinn. Is uirlis chumarsáide an-chumhachtach é seo agus baintear úsáid as faoi láthair ar fud na Scéime BOOCM. Le linn paindéime Covid 19 bhíomar in ann an t-ardán seo a ghíaráil go daingean chun ligean do leanúnachas na seirbhíse a choinneáil sna Scoileanna, sna hIonaid FET agus sna hOifigí Riaracháin a bhí ríthábhachtach.

Fuarthas maoiniú breise do TFC in 2020 don phaindéim Covid. Úsáideadh é seo chun an teagasc agus an fhoghlaim a choinneáil de réir na gcaighdeán is airde sa timpeallacht iargúlta le gairis agus bogearraí oiriúnacha a cheannach chun tacú le riachtanais na scoileanna agus na n-ionad aonair. Tugadh isteach córas iasachta chun tacú le rolladh amach na bhfeistí seo d'fhoghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste d'Oideoirí a sholáthraíonn ábhar ar ár n-ardán digiteach.

Ar an Luain, 30 Samhain 2020, d'fhógair an tAire Oideachais Norma Foley TD infheistíocht de €50 milliún i nDeontais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna a fuarthas go luath i mí na Nollag 2020.

Tá na nithe seo a leanas i gceist leis na híocaíochtaí de luach €50 milliún:

Eisíodh maoiniú Deontas TFC €40m do gach scoil incháilithe de réir blianta roimhe seo, chun tacú le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa leabú i dteagasc agus i bhfoghlaim

10m le haghaidh bearta chun foráil a dhéanamh maidir le leanúnachas an teagaisc agus na foghlama ag úsáid na teicneolaíochta digiti

Áiríodh sa mhaoiniú seo ar luach €10m freisin do bhearta sonracha Covid-19, thug sé deis do scoileanna BOOCM córais láidre a chur i bhfeidhm chun úsáid theicneolaíochtaí digiteacha a chumasú laistigh den scoil, agus chun soláthar a dhéanamh d'fhoghlaim iargúlta. Áiríodh leis na bearta seo feistí digiteacha a cheannach ar iasacht do mhic léinn agus do mhúinteoirí, bogearraí, ardáin foghlama riachtanacha agus réitigh TFC eile arna gcinneadh ag riachtanais na scoile aonair.

Tá seachadadh na straitéise TFC bunaithe ar ár mbonneagar TFC slán iontaofa, ceann a fhéadfaidh éifeachtúlachtaí riaracháin a sholáthar freisin. Léiríonn tosaíochtaí TFC go mór an tábhacht mhéadaitheach atá ag TFC le fócas ar Phlean Gníomhaíochta TFC 2 bhliain a

fhorbairt, inlíon BOOCM ar fud an ionaid a sholáthar chun cumarsáid éifeachtach, comhoibriú agus scaipeadh faisnéise agus rochtain ar fhaisnéis mar aon le forbairt straitéiseach ár mBonneagar TFC chun cur chuige tús áite do scamall, seirbhísí comhroinnte i leith seachadadh TFC a léiriú.

Tá BOOCM ar cheann de na ceannairí i dtéarmaí TFC laistigh d'earnáil an BOO ar bhonn náisiúnta. Faoi láthair tacaíonn TF BOOCM le 1,300 ball foirne agus 12,000 mac léinn ar bhonn laethúil i ngach ceann dár scoileanna agus dár n-ionaid oideachais i réigiún an Chabháin agus Mhuineacháin. Tugann TF BOOCM tacaíocht freisin do na feidhmchláir agus na córais éagsúla a theastaíonn ó úsáideoirí chun a gcuid oibre a dhéanamh.

Leanann an úsáid de TFC laistigh de scoileanna BOOCM ag ardú ag ráta an-ard go háirithe ó seoladh ár gclár ceannaire digiteach. Seoladh an tionscnamh foirne seo in 2017 agus d'aithin BOOCM grúpa foirne arna chomhordú ag Stiúrthóir na Scoileanna agus an Rannóg TF atá ag obair chun comhéadan mac léinn a fheabhsú don bhliain acadúil 2020/2021. Tá ardoiliúint saincheaptha á fáil ag na baill foirne seo ar an mbealach is fearr chun úsáid a bhaint as M365 i gcur chun cinn an teagaisc agus na foghlama ina seomraí ranga féin agus ar fud na scoile ina iomláine. Tá na baill foirne seo ag plé le baill foirne eile laistigh dá scoileanna agus dá n-ionaid féin agus tá an t-eolas a fhaigheann siad ag dul ar aghaidh dá gcomhghleacaithe laistigh dá ranna ábhair féin agus go ginearálta ar fud na scoile.

Mar chuid den chlár seo tá Plean ríomhfhoghlama comhlánaithe ag gach scoil BOOCM agus tá TFC BOOCM ag obair go dlúth le Bainistíocht na scoile mar ról tacaíochta lena chinntiú go bhfuil a gcuid pleananna oiriúnach don fheidhm ó thaobh na teicneolaíochta de. Ceann de phríomhthosaíochtaí na bpleananna scoile ná an bonneagar líonra laistigh den scoil a fheabhsú agus go háirithe Wi-Fi na scoile. Le blianta beaga anuas tá BOOCM ag leanúint ar aghaidh ag uasghrádú gach Wi-Fi scoile agus faoi láthair tá os cionn 550 Pointí Rochtana gan Sreang á mbainistiú acu ar fud a n-ionaid go léir. Rinneadh infheistíocht eile i bhfeistí múinteoirí soghluaiste a chinntíonn go bhfuil an-chumas ag foireann BOOCM glacadh le teicneolaíochtaí nua laistigh den oideachas.

Tá Windows 10 rollaithe amach ag TF BOOCM ar bheagnach 5000 feiste ar fud na heagraíochta ar fad. Gach bliain tá dul chun cinn leanúnach déanta ag BOOCM maidir le Windows 10 a uasghrádú go dtí an eisiúint is déanaí chun slándáil agus cobhsaíocht ar eastát na gCliaint a chinntiú.

D'fhostaigh Aonad Iniúchta Inmheánaigh an BOO saineolas KOSI Corporation Limited chun iniúchadh TFC iomlán a dhéanamh ar an earnáil. Críochnaíodh an t-iniúchadh seo in 2017 agus cuireadh an tuarascáil iniúchta i ngníomh. Tá BOOCM ag tabhair aghaidhe go réamhghníomhach ar mholtaí thorthaí na tuarascála iniúchta.

Tá an tslándáil fós ina príomhábhar imní do BOOCM go háirithe lenár seirbhísí néil M365. Príomhghné de shlándáil néil ná céannacht agus rochtain nuair a bhaineann sé le bainistiú ar n-acmhainní néil. Is féidir le húsáideoirí BOOCM rochtain a fháil ar acmhainní ag úsáid réimse gléasanna agus aipeanna ó áit ar bith i dtimpeallacht shoghluaiste néil. Mar thoradh air seo, ní leor díriú ar cé atá in ann rochtain a fháil ar acmhainn níos mó. D'fhonn an chothromaíocht idir an tslándáil agus an táirgiúlacht a bhaint amach, tá leibhéal níos airde slándála tugtha isteach ag BOOCM ar a dtugtar rochtain choinníollach a cheanglóidh ar an bhFoireann faisnéis bhreise logála a chur isteach nuair a bheidh siad ag teacht ar scam-sheirbhísí BOOCM ó lasmuigh den líonra corparáideach. Le bliain anuas leanann an BOO ag úsáid an ghné slándála nua seo.

Tá bainistiú gléas soghluaiste Microsoft Intune curtha i bhfeidhm ag BOOCM. Feidhmchlár bainistíochta soghluaisteachta fiontair (EMM) is ea Intune a chuirfidh ar chumas BOOCM a shonraí corparáideacha a chosaint ar gach gléas soghluaiste lena n-áirítear ríomhairí glúine, tábléad agus fóin phóca. Mar chuid den tsraith Intune, tá BOOCM tar éis polasaithe Bainistíochta Feidhmchláir Soghluaiste (MAM) a ghíaráil agus a rolladh amach do gach ball foirne agus mac léinn BOOCM. Cosnaíonn polasaithe Intune MAM sonraí corparáideacha Oifig BOOCM 365 ag leibhéal an fheidhmchláir ar ghléasanna soghluaiste. Tá BOOCM ag clárú gléasanna soghluaiste corparáideacha ar bhonn leanúnach agus iad ag baint úsáide as slándáil dhlúth agus fhorfheidhmithe na bhfeistí seo.

Ba é BOOCM an chéad BOO a ghnóthaigh deimhniú Cyber Essentials. Is scéim deimhnithe cibearshlándála é Cyber Essentials (CE) a thairgeann bunús fóna de rialuithe bunúsacha slándála TF ar féidir le gach cineál eagraíochta a chur i bhfeidhm agus a d'fhéadfadh tógáil orthu. Tríd na rialuithe seo a chur i bhfeidhm féadfar leochaileacht eagraíochta a laghdú go suntasach. Tá Cyber Essentials ann d'eagraíochtaí de gach méid agus i ngach earnáil. Tugann an scéim Cyber Essentials soiléireacht do ghnólachtaí móra agus beaga



Fíor 12 Faigheann Foireann TF BOOCM Deimhniú Cibearshlándála, an chéad BOO a rinne amhlaidh.

v. Airgeadas

Bhog íocaíocht Taistil agus Cothaithe le foireann CMETB chuig ardán na Seirbhísí Comhroinnte i mí Eanáir 2020. Chuaigh printísigh BOOCM agus párolla liúntais Foghlaimoirí Eile ar imirce chuig ESBS ón TAPS leagáide (Córas Íocaíochta Liúntais Oiliúna) idir mí an Mhárta agus Lúnasa 2020

Bhí baint ag BOOCM le treoirthionscadal chun aistriú chuig córas bainistíochta airgeadais nua le dáta beo den 1 Eanáir 2021. D'éirigh le foireann na Roinne Airgeadais clár 12 seachtaine

maidir le himirce agus oiliúint sonraí a dhéanamh i Ráithe 4 de 2020 d'fhonn an t-aistriú a éascú. Chuaigh an córas nua SUN beo an 01 Eanáir 2021.

Chríochnaigh BOOCM measúnú ar Shamhail Aibíochta Airgeadais in 2020. Bhí an tsamhail bunaithe ar an tuarascáil ón tSamhail Aibíochta Bainistíochta Airgeadais C&AG: Treoir Dea-Chleachtais' a úsáidtear chun deiseanna feabhsúcháin ar chleachtais bhainistíochta airgeadais in eagraíochtaí na hearnála poiblí a mheas agus a aithint.

Bhí an t-ádh ar fheidhmeanna Airgeadas BOOCM nach raibh mórán tionchar ag na dúshláin phaindéime Covid-19 orthu le linn 2020. Aithníodh baill foirne agus feidhmeanna lárnacha, go háirithe sa rannán Creidiúnaithe agus Íocaíochta, agus lean an fhoireann seo ag obair óna n-oifigí, agus bhí prótacail sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm. D'oibrigh baill foirne eile ón mbaile le cianrochtain slán ar chórais agus ar chomhaid. I roinnt cásanna, ba ghá ceadú a cheadú chun sonraisc a fuarthas go leictreonach a íoc le linn tréimhsí frithdhúnadh Leibhéal 5, ach níor próiseáladh aon rud gan cheadú agus ní raibh aon mhoill ar íocaíocht. Tá gach córas airgeadais eile bunaithe ar an idirlíon ar nós ár gcártaí admhála, Way2Pay agus cártaí ceannacháin ionas go mbeifí in ann na dualgais seo a chomhlíonadh go cianda. D'éirigh leis an Rannóg Airgeadais tabhairt faoin tionscadal 12 seachtaine chun sonraí a aistriú, tástáil agus oiliúint iomlán a fháil sna córais P2P / SUN agus iad ag obair go cianda agus éascaíodh gluaiseacht íocaíochtaí Foghlaimoírí chuig an ardán ESBS.

Ráitis Airgeadais 2020

Tá sé de fhreagracht ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó, measann sé go gcuireann na ráitis airgeadais ioncam agus caiteachas an údaráis agus staid gnóthaí an údaráis i láthair i gceart.

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla Bhord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin don bhliain dar críoch 31st Nollaig 2020 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG).

Tar éis don C&AG síniú iniúchta a dhéanamh, foilseoidh Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin na ráitis airgeadais iniúchta.

vi. Talamh agus Foirgnimh

Ba bhliain an-dearfach í 2020 i dtéarmaí forbairt bonneagair do scoileanna agus d'ionaid BOOCM, le méid suntasach gníomhaíochta tionscadail i rith na bliana. Críochnaíodh roinnt tionscadal agus go háirithe, fuarthas roinnt smachtbhannaí ón Roinn Oideachais ar thionscadail Chóiríochta Breise.

I measc na dtionscadal ar chuireadh BOOCM i gcrích in 2020 bhí:

